2026/158

26.1.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/158 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Eanáir 2026

lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'Hydrogen peroxide product family' i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 44(5), an chéad fhomhír de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 19 Eanáir 2017, chuir Arche Consortia iarratas faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht'), i gcomhréir le hAirteagal 43(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, ar údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha ar a dtugtar 'Hydrogen peroxide product family' de chineálacha táirgí 2 agus 4, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, agus thug sé deimhniú i scríbhinn gur chomhaontaigh údarás inniúil na hÍsiltíre meastóireacht a dhéanamh ar an iarratas. Rinneadh taifead den iarratas faoin gcás-uimhir BC-FN029041-50 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha.

(2) Is í sárocsaíd hidrigine an tsubstaint ghníomhach in 'Hydrogen peroxide product family' , ar substaint í a airítear sa liosta Aontais de shubstaintí gníomhacha formheasta dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i gcás chineálacha táirgí 2 agus 4.

(3) An 8 Márta 2023 chuir an t-údarás inniúil meastóireachta, i gcomhréir le hAirteagal 44(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, tuarascáil mheasúnaithe agus conclúidí a mheastóireachta faoi bhráid na Gníomhaireachta.

(4) An 20 Meitheamh 2023 phléigh an Mheitheal um Éifeachtúlacht de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (WG-II-2023) an t-iarratas ar údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'Hydrogen peroxide product family' agus tháinig sí ar an gconclúid nár mhór tiúchan sárocsaíde hidrigine na dtáirgí a thagann faoi úsáid #2 de mheitea-AST 5 (achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh) a ardú ó chion 0,5 % H2O2 go cion 5 % H2O2 chun a n-éifeachtúlacht in aghaidh fungas a áirithiú.

(5) An 5 Deireadh Fómhair 2023, chuir an Ghníomhaireacht tuairim uaidh ([2]) faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 44(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, sin agus an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh atá ag 'Hydrogen peroxide product family', maille leis an tuarascáil mheasúnaithe deiridh i ndáil leis an bhfine táirgí bithicídeacha. Mar sin féin, níor cuireadh san áireamh sa tuairim ón nGníomhaireacht, lena n-áirítear an dréacht-AST, an méadú ar an tiúchan go cion 5 % H2O2 maidir leis an riosca do shláinte an duine.

(6) An 23 Deireadh Fómhair 2023, sheol an Ghníomhaireacht an dréacht-AST, i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 44(4) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(7) Tar éis plé a dhéanamh sa Bhuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha an 21 Meitheamh 2024 ([3]), d'iarr an Coimisiún ar an nGníomhaireacht tuairim athbhreithnithe a sholáthar, lena n-áirítear dréacht-AST, lena sainaithnítear coinníollacha úsáide leordhóthanacha le haghaidh táirgí a thagann faoi úsáid #2 de mheitea-AST 5 i gcomhréir le hAirteagal 75(1), pointe (g), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, agus tiúchan 5 % H_2O_2 na dtáirgí a thagann faoi úsáid #2 de mheitea-AST 5 á cur san áireamh.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.
([2]) Tuairim ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán an 13 Meán Fómhair 2023 maidir leis an údarú Aontais le haghaidh 'Hydrogen peroxide product family' (ECHA/BPC/392/2023), https://echa.europa.eu/opinions-on-union-authorisation.
([3]) An 84ú cruinniú den Bhuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha an 21 Meitheamh 2024.

(8) An 28 Bealtaine 2025 tharchuir an Ghníomhaireacht an tuairim athbhreithnithe uaithi ([4]) chuig an gCoimisiún, lena n-áirítear dréacht-AST athbhreithnithe, chomh maith le tuarascáil mheasúnaithe cothrom le dáta, lena n-áirítear measúnú nua ar na rioscaí do tháirgí ina bhfuil cion 5 % H_2O_2 le haghaidh úsáid #2 in aghaidh fungas i meitea-AST 5 mar aon le moladh maidir le bearta maolaithe riosca leordhóthanacha. Sa dréacht-AST athbhreithnithe bhí tuairisc níos fearr agus níos comhsheasmhaí ar úsáidí #1, #2 agus #3 de mheitea-AST 5 freisin. Is é conclúid na tuairime sin gur fine táirgí bithicídeacha atá in 'Hydrogen peroxide product family' de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (s), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, go bhfuil sé incháilithe le haghaidh údarú Aontais i gcomhréir le hAirteagal 42(1) den Rialachán sin agus, faoi réir chomhlíonadh an dréacht-AST, go sásaíonn sé na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19(6) den Rialachán sin.

(9) Comhaontaíonn an Coimisiún leis an tuairim athbhreithnithe ón nGníomhaireacht agus measann sé, dá bhrí sin, gurb iomchuí údarú Aontais a dheonú le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'Hydrogen peroxide product family'.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, deonaítear údarú Aontais ag a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0031657-0000 do Arche Consortia maidir leis an bhfine táirgí bithicídeacha 'Hydrogen peroxide product family' a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir leis an achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Tá an t-údarú Aontais bailí ón 15 Feabhra 2026 go dtí 31 Eanáir 2036.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Eanáir 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([4]) Tuairim ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán an 16 Bealtaine 2025 maidir leis an údarú Aontais le haghaidh 'Hydrogen peroxide product family' (ECHA/BPC/482/2025), https://echa.europa.eu/opinions-on-union-authorisation.

IARSCRÍBHINN

Achoimre ar shaintréithe an táirge le haghaidh tacar táirgí bithicídeacha

Fine táirgí sárocsaíde hidrigine

Cineál nó cineálacha táirge

PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe

PT04: Limistéar bia agus beatha

Uimhir an údaraithe EU-0031657-0000

Uimhir sócmhainne R4BP EU-0031657-0000

CUID I

AN CHÉAD LEIBHÉAL FAISNÉISE

Caibidil 1. **FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **Ainm an tacair**

Ainm	Fine táirgí sárocsaíde hidrigine

1.2. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe PT04: Limistéar bia agus beatha

1.3. **Sealbhóir an údaraithe**

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Ainm	ARCHE Consortia
	Seoladh	Liefkensstraat 35D 9032 Wondelgem An Bheilg
Uimhir an údaraithe	EU-0031657-0000	
Uimhir sócmhainne R4BP	EU-0031657-0000	
Dáta an údaraithe	An 15 Feabhra 2026	
Dáta éaga an údaraithe	An 31 Eanáir 2036	

1.4. **Monaróir/monaróirí an táirge**

Ainm an mhonaróra	Messing & Keppler Abfülldienst GmbH
Seoladh an mhonaróra	Im Hengstfeld 47 32657 Lemgo An Ghearmáin
Suíomh na láithreán monaraíochta	Messing & Keppler Abfülldienst GmbH site 1 Im Hengstfeld 47 32657 Lemgo An Ghearmáin

Ainm an mhonaróra	Grundmann Service GmbH
Seoladh an mhonaróra	In der Feige 116 45699 Herten An Ghearmáin
Suíomh na láithreán monaraíochta	Grundmann Service GmbH site 1 Ruhrorter Str. 108-110 45478 Mülheim a.d.Ruhr An Ghearmáin

Ainm an mhonaróra	Baufan Bauchemie Leipzig GmbH
Seoladh an mhonaróra	Ludwig-Hupfeld-Str. 19 04178 Leipzig An Ghearmáin
Suíomh na láithreán monaraíochta	Baufan Bauchemie Leipzig GmbH site 1 Ludwig-Hupfeld-Str. 19 04178 Leipzig An Ghearmáin

Ainm an mhonaróra	Wepos Chemie GmbH
Seoladh an mhonaróra	Textilstr. 2 41751 Viersen An Ghearmáin
Suíomh na láithreán monaraíochta	Wepos Chemie GmbH site 1 Textilstr. 2 41751 Viersen An Ghearmáin

Ainm an mhonaróra	MELLERUD CHEMIE GMBH
Seoladh an mhonaróra	Bernhard-Röttgen-Waldweg 20 41379 Brüggen An Ghearmáin
Suíomh na láithreán monaraíochta	MELLERUD CHEMIE GMBH site 1 Bernhard-Röttgen-Waldweg 20 41379 Brüggen An Ghearmáin

Ainm an mhonaróra	MPD plus, s.r.o.
Seoladh an mhonaróra	Nábřeží Dr. Beneše 2307 269 01 Rakovník An tSeicia
Suíomh na láithreán monaraíochta	MPD plus, s.r.o. site 1 Nábřeží Dr. Beneše 2307 269 01 Rakovník An tSeicia

Ainm an mhonaróra	E'COSì s.r.l.
Seoladh an mhonaróra	Via G.Giorgi 12. 47122 Forlì An Iodáil
Suíomh na láithreán monaraíochta	E'COSì s.r.l. site 1 Via G.Giorgi 12. 47122 Forlì An Iodáil

1.5. **Monaróir/monaróirí na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha**

Substaint ghníomhach	Sárocsaíd hidrigine
Ainm an mhonaróra	Evonik Antwerpen NV
Seoladh an mhonaróra	Tijsmanstunnel West 2040 Antwerpen An Bheilg
Suíomh na láithreán monaraíochta	Evonik Antwerpen NV site 1 Tijsmanstunnel West 2040 Antwerpen An Bheilg

Substaint ghníomhach	Sárocsaíd hidrigine
Ainm an mhonaróra	Evonik Resource Efficiency GmbH
Seoladh an mhonaróra	Rellinghauser Straße 1-11 45128 Essen An Ghearmáin
Suíomh na láithreán monaraíochta	Evonik Resource Efficiency GmbH site 1 Untere Kanalstr. 3 79618 Rheinfelden An Ghearmáin

Substaint ghníomhach	Sárocsaíd hidrigine
Ainm an mhonaróra	Evonik Peroxid GmbH
Seoladh an mhonaróra	Industriestraße 1 9721 Weißenstein An Ostair
Suíomh na láithreán monaraíochta	Evonik Peroxid GmbH site 1 Industriestraße 1 9721 Weißenstein An Ostair

Substaint ghníomhach	Sárocsaíd hidrigine
Ainm an mhonaróra	Evonik Peroxide Netherlands BV
Seoladh an mhonaróra	Hettenheuvelweg 37 /39 1101 BM Amsterdam An Ísiltír
Suíomh na láithreán monaraíochta	Evonik Peroxide Netherlands BV site 1 Oosterhorn 14 9936 HD Farmsum An Ísiltír

Substaint ghníomhach	Sárocsaíd hidrigine
Ainm an mhonaróra	Arkema France
Seoladh an mhonaróra	420 rue d'Estienne d'Orves 92705 Colombes Cedex An Fhrainc
Suíomh na láithreán monaraíochta	Arkema France site 1 Route National 85 BP1 38560 Jarrie An Fhrainc Arkema France site 2 Am Haupttor, Bau 2410 06237 Leuna An Ghearmáin

Caibidil 2. **COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TACAIR TÁIRGÍ**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an tacair**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Sárocsaíd hidrigine		Active substance	7722-84-1	231-765-0	6,04 - 49,5 % (w/w)
Aigéad sulfarach	Aigéad sulfarach	Substaint neamhghníomhach	7664-93-9		0 - 0,44 % (w/w)

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Iseatrideacanol eatocsaláitithe	Iseatrideacanol eatocsaláitithe	Substaint neamhghníomhach		500-027-2	0 - 2,88 % (w/w)
D-Glúcaipioranós, olagaiméirí, glúcóisídí deicile ochtaile	D-Glúcaipioranós, olagaiméirí, glúcóisídí deicile ochtaile	Substaint neamhghníomhach	68515-73-1		0 - 2,5 % (w/w)
–	Alcóil, C12-14, eatocsaláitithe, sulfáití, salainn sóidiam	Substaint neamhghníomhach	68891-38-3	500-234-8	0 - 0,28 % (w/w)
–	Éite-shulfáit sóidiam	Substaint neamhghníomhach	126-92-1	204-812-8	0 - 0,9 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	AL Aon leacht eile SL Tiúchán intuaslagtha

CUID II

AN DARA LEIBHÉAL FAISNÉISE MEITEA-SPC(ANNA)

Caibidil 1. **MEITEA-SPC 1 FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **MEITEA-SPC 1 aitheantóir**

Aitheantóir	Meitea-SPC: Meitea-SPC 1

1.2. **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-1

1.3. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe PT04: Limistéar bia agus beatha

Caibidil 2. **COMHDHÉANAMH META SPC 1**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meitea-SPC 1**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Sárocsaíd hidrigine		Active substance	7722-84-1	231-765-0	6,04 - 7,9 % (w/w)
Aigéad sulfarach	Aigéad sulfarach	Substaint neamhghníomhach	7664-93-9		0,264 - 0,44 % (w/w)
Iseatrideacanol eatocsaláitithe	Iseatrideacanol eatocsaláitithe	Substaint neamhghníomhach		500-027-2	0 - 0,9 % (w/w)
D-Glúcaipioranós, olagaiméirí, glúcóisídí deicile ochtaile	D-Glúcaipioranós, olagaiméirí, glúcóisídí deicile ochtaile	Substaint neamhghníomhach	68515-73-1		0 - 0,9 % (w/w)
–	Alcóil, C12-14, eatocsaláitithe, sulfáití, salainn sóidiam	Substaint neamhghníomhach	68891-38-3	500-234-8	0 - 0,28 % (w/w)
–	Éite-shulfáit sóidiam	Substaint neamhghníomhach	126-92-1	204-812-8	0 - 0,9 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe meitea-SPC 1**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	AL Aon leacht eile

Caibidil 3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM MEITEA-SPC 1**

Ráitis ghuaise	H290: D'fhéadfadh sé a bheith creimneach do mhiotail. H318: Ina chúis le damáiste tromchúiseach don tsúil.
Ráitis réamhchúraim	P234: Coimeád i bpacáistiú bunaidh amháin. P280: Caith cosaint súile/cosaint aghaidhe. P305+P351+P338: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS NA SÚILE: Sruthlaítear go faichilleach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. P310: Cuir glao láithreach ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir. P390: Ionsúigh doirteadh chun damáiste d'ábhar a chosc.

Caibidil 4. **ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE MEITEA-SPC**

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1

Dífhabhtú dromchlaí gur cúram leighis é, RTU

An cineál táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	/
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: fungais Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Víris Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	Úsáid laistigh Dífhabhtú dromchlaí crua neamhphóiriúla sa chúram leighis
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: spraying Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Cúradh truicir táirge réidh le húsáid (RTU)
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: 40 ml/m² RTU Airí uainithe: Forchuir an táirge RTU ar dhromchlaí; a) orgánaigh sprice: baictéir, giostaí, fungais am teagmhála: 5 nóiméad b) orgánaigh sprice: baictéir, giostaí, fungais agus víris am teagmhála: 15 nóiméad Minicíocht úsáide: suas go dtí 4 uair in aghaidh an lae Teocht úsáide: teocht an tseomra
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	500 ml agus 750 ml cúr truicir Poileitéin Ard-dlúis (HDPE) Buidéal HDPE 5 lítear (athlíon i gcomhair cúir truicir)

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Spraeáil go cothrom agus bí cinnte go bhfliuchann tú na dromchlaí ina n-iomláine.

Chun baictéir, giostaí agus fungais a cheansú: Fan ar feadh 5 nóiméad go dtí go n-oibríonn.

Chun baictéir, giostaí, fungais agus víris a cheansú: Fan ar feadh 15 nóiméad go dtí go n-oibríonn.

Sruthlaigh dromchlaí tar éis iad a úsáid.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 1

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 1

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 1

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 1

4.2. **Tuairisc úsáide**

Tábla 2

Dífhabhtú dromchlaí nach cúram leighis é agus dífhabhtú achar bia/beathaithe, RTU

An cineál táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe PT04: Limistéar bia agus beatha
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	/
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: fungais Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Víris Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	Úsáid laistigh Dífhabhtú dromchlaí crua neamhphóiriúla in achair nach achair cúraim leighis iad agus gur achair bhia agus/nó beathaithe iad
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: spraying Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Cúradh truicir táirge réidh le húsáid (RTU)
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: 40 ml/m^2 RTU Airí uainithe: Forchuir an táirge neamhchaolaithe. Teocht úsáide: teocht an tseomra Am teagmhála: **baictéir, giostaí, fungais;** 5 nóiméad **víris;** 15 nóiméad Minicíocht úsáide: suas le 10 n-uaire sa lá
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	500 ml agus 750 ml cúr truicir Poileitéin Ard-dlúis (HDPE), Buidéal 5 lítear HDPE (athlíon i gcomhair cúir truicir)

4.2.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Spraeáil go cothrom agus bí cinnte go bhfliuchann tú na dromchlaí ina n-iomláine.

Chun baictéir, giostaí agus fungais a cheansú: Fan ar feadh 5 nóiméad go dtí go n-oibríonn.

Chun víris a cheansú: Fan ar feadh 15 nóiméad go dtí go n-oibríonn.

Sruthlaigh dromchlaí tar éis iad a úsáid.

4.2.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 1

4.2.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 1

4.2.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 1

4.2.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 1

Caibidil 5. **TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE MAIDIR LE MEITEA-SPC 1**

5.1. **Treoracha úsáide**

féach na treoracha sonracha le haghaidh gach úsáide

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

Coimeád as aimsiú leanaí.

Ní cheadaítear an athiontráil go dtí go mbíonn tiús an aeir tite faoi bhun 0,9 ppm (1,25 mg/m^3) nó an luach ábhartha tagartha náisiúnta is ísle ná sin. Úsáid braiteoir calabraithe chun a dhearbhú go bhfuil an t-iniamh faoi 0,9 ppm (1,25 mg/m^3) nó faoin luach tagartha náisiúnta comhfhreagrach roimh athiontráil.

Gan aon chead rochtana ag tríú páirtithe le linn forchurtha/cóireála.

Ná húsáid an táirge chun leithris a ghlanadh nó mar chuid de ghnáthamh glanta leithreas.

Úsáideoir gairmiúil:

— Le linn lódála: Caith lámhainní cosanta atá rangaithe faoi EN 374 nó a choibhéis agus spéaclaí cosanta atá i gcomhréir le EN ISO 16321 nó a choibhéis. Nigh do lámha tar éis a láimhsithe.

— Le linn an fhorchurtha: Caith trealamh cosanta riospráide (TCR) le scagaire aerasóil agus gáis atá i gcomhréir le EN 14387 nó a choibhéis le fachtóir cosanta sannta de 20 ar a laghad (cineál scagaire (litir cóid, dath) le sonrú ag sealbhóir an údaraithe laistigh den fhaisnéis táirge). Caith lámhainní cosanta ar cheimiceáin atá rangaithe faoi EN 374 nó a choibhéis agus spéaclaí cosanta atá i gcomhréir le EN ISO16321 nó a choibhéis.

Tá na tagairtí iomlána do na caighdeáin EN le fáil Rannán 6.

Tá sé seo gan dochar do chur i bhfeidhm Threoir 98/24/CE ón gComhairle agus reachtaíochta eile de chuid an Aontais i réimse na sláinte agus na sábháilteachta ar láthair na hoibre. Féach rannán 6 chun an tagairt iomlán don bhforáil dlí seo a fháil.

Nigh do lámha tar éis a láimhsithe. Déan é a spraeáil amach ón úsáideoir. Chun dromchlaí beaga (2 m^2) a chóireáil, agus iad sin amháin

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

Bearta garchabhrach:

MÁ IONANÁLAÍTEAR: Tabhair amach faoin aer agus coimeád socair i suíomh atá compordach d'análú. Má tá comhartha sóirt ann: Cuir glaoch ar 112 nó ar otharcharr chun cúnamh leighis a fháil. Mura bhfuil comharthaí sóirt ann: Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

MÁ SHLOGTAR: Sruthlaigh béal láithreach. Tabhair rud éigin le hól, má tá an duine arna nochtadh in ann slogadh. NÁ spreagtar urlacan. Cuir glaoch ar 112 nó ar otharcharr chun cúnamh leighis a fháil.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN gCRAICEANN: Nigh craiceann láithreach le neart uisce. Ina dhiaidh sin, bain díot aon éadaí éillithe agus nigh iad sula n-úsáidfidh tú iad arís. Lean ort ag nigh an chraicinn le huisce ar feadh 15 nóiméad. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: Sruthlaigh láithreach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta é sin a dhéanamh. Lean ag sruthlú ar feadh 15 nóiméad ar a laghad. Cuir glaoch ar 112 nó ar otharcharr chun cúnamh leighis a fháil.

Réamhchúraimí timpeallachta:

Ná lig don táirge rith chomh fada le córais camrais ná le dobharlaigh.

Caolaigh doirteadh le mórán uisce.

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

Diúscair an t-ábhar seo agus an coimeádán atá ag gabháil leis ag pointe bailithe dramhaíola guaisí nó speisialta. Ná diúscair in éineacht le dramhaíl tí. Ná lig don táirge rith chomh fada le córas camrais. Ba cheart diúscairt de réir Rialúcháin an Údaráis Áitiúil.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Stóráil in áit thirim, dorcha, dea-aeráilte. Cosnaítear ón tsioc é. Stóráil i dteocht faoi bhun 30 °C. Cosain ó sholas díreach na gréine. Coimeád an coimeádán dúnta go docht. Ná coinnítear é ach sa phacáistiú bunaidh. 36 mí an tseilfré.

Caibidil 6. **FAISNÉIS EILE**

Ciallaíonn gairmithe (lena n-áirítear úsáideoirí tionsclaíoch) gairmithe oilte má theastaíonn sin de réir reachtaíochta náisiúnta.

Is iad seo a leanas teidil iomlána na gcaighdeán EN dá dtagraítear in alt 5.2 'Bearta maolaithe riosca':

EN 374 – Lámhainní cosanta in aghaidh ceimiceán agus miocrorgánach contúirteach:

EN ISO 16321 – Cosaint súl agus aghaidhe le haghaidh úsáid ceirde

EN 14387 – Gléasanna cosanta riospráide – Scagaire gáis

Treoir 98/24/CE ón gComhairle an 7 Aibreán 1998 maidir le sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chosaint ó phriacail a bhaineann le hoibreáin cheimiceacha ar an láthair oibre (an ceathrú Treoir déag aonair de réir bhrí Airteagal 16(1) Threoir 89/391/CEE) (IO L 131, 5.5.1998, lch. 11).

Caibidil 7. **AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I MEITEA-SPC 1**

7.1. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha		HP-BPF-12	Réimse margaidh: AE		
Uimhir an údaraithe		EU-0031657-0001 1-1			
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Sárocsaíd hidrigine		Active substance	7722-84-1	231-765-0	7,9 % (w/w)
Aigéad sulfarach	Aigéad sulfarach	Substaint neamhghníomhach	7664-93-9		0,33 % (w/w)
Iseatrideacanol eatocsaláitithe	Iseatrideacanol eatocsaláitithe	Substaint neamhghníomhach		500-027-2	0,9 % (w/w)

7.2. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha		HP-BPF-14	Réimse margaidh: AE		
Uimhir an údaraithe		EU-0031657-0002 1-1			
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Sárocsaíd hidrigine		Active substance	7722-84-1	231-765-0	7,9 % (w/w)
Aigéad sulfarach	Aigéad sulfarach	Substaint neamhghníomhach	7664-93-9		0,44 % (w/w)
D-Glúcaipioranós, olagaiméirí, glúcóisídí deicile ochtaile	D-Glúcaipioranós, olagaiméirí, glúcóisídí deicile ochtaile	Substaint neamhghníomhach	68515-73-1		0,9 % (w/w)

7.3. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha		HP-BPF-07	Réimse margaidh: AE		
Uimhir an údaraithe		EU-0031657-0003 1-1			
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Sárocsaíd hidrigine		Active substance	7722-84-1	231-765-0	7,9 % (w/w)
Aigéad sulfarach	Aigéad sulfarach	Substaint neamhghníomhach	7664-93-9		0,33 % (w/w)
–	Éite-shulfáit sóidiam	Substaint neamhghníomhach	126-92-1	204-812-8	0,9 % (w/w)

7.4. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha		HP-BPF-03	Réimse margaidh: AE		
Uimhir an údaraithe		EU-0031657-0004 1-1			
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Sárocsaíd hidrigine		Active substance	7722-84-1	231-765-0	6,4 % (w/w)
Aigéad sulfarach	Aigéad sulfarach	Substaint neamhghníomhach	7664-93-9		0,264 % (w/w)
–	Éite-shulfáit sóidiam	Substaint neamhghníomhach	126-92-1	204-812-8	0,9 % (w/w)

7.5. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha		HP-BPF-08	Réimse margaidh: AE		
Uimhir an údaraithe		EU-0031657-0005 1-1			
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Sárocsaíd hidrigine		Active substance	7722-84-1	231-765-0	6,04 % (w/w)
Aigéad sulfarach	Aigéad sulfarach	Substaint neamhghníomhach	7664-93-9		0,33 % (w/w)
D-Glúcaipioranós, olagaiméirí, glúcóisídí deicile ochtaile	D-Glúcaipioranós, olagaiméirí, glúcóisídí deicile ochtaile	Substaint neamhghníomhach	68515-73-1		0,25 % (w/w)
–	Alcóil, C12-14, eatocsaláitithe, sulfáití, salainn sóidiam	Substaint neamhghníomhach	68891-38-3	500-234-8	0,28 % (w/w)

Caibidil 1. **MEITEA-SPC 2 FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **MEITEA-SPC 2 aitheantóir**

Aitheantóir	Meitea-SPC: Meitea-SPC 2

1.2. **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-2

1.3. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe PT04: Limistéar bia agus beatha

Caibidil 2. **COMHDHÉANAMH META SPC 2**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meitea-SPC 2**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Sárocsaíd hidrigine		Active substance	7722-84-1	231-765-0	9,9 - 9,9 % (w/w)
Aigéad sulfarach	Aigéad sulfarach	Substaint neamhghníomhach	7664-93-9		0,33 - 0,44 % (w/w)
Iseatrideacanol eatocsaláitithe	Iseatrideacanol eatocsaláitithe	Substaint neamhghníomhach		500-027-2	0 - 2,88 % (w/w)
D-Glúcaipioranós, olagaiméirí, glúcóisídí deicile ochtaile	D-Glúcaipioranós, olagaiméirí, glúcóisídí deicile ochtaile	Substaint neamhghníomhach	68515-73-1		0 - 2,5 % (w/w)
–	Alcóil, C12-14, eatocsaláitithe, sulfáitíí, salainn sóidiam	Substaint neamhghníomhach	68891-38-3	500-234-8	0 - 0,28 % (w/w)
–	Éite-shulfáit sóidiam	Substaint neamhghníomhach	126-92-1	204-812-8	0 - 0,9 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe meitea-SPC 2**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	AL Aon leacht eile

Caibidil 3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM MEITEA-SPC 2**

Ráitis ghuaise	H318: Ina chúis le damáiste tromchúiseach don tsúil. H272: D'fhéadfadh sé cur le tine; ocsaídeoir. EUH208: d-limonene ann. D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le frithghníomhú ailléirgeach.

Ráitis réamhchúraim	P280: Caith cosaint súile/cosaint aghaidhe. P305+P351+P338: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS NA SÚILE: Sruthlaítear go faichilleach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. P310: Cuir glao láithreach ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir. P210: Coimeád ó theas, dromchlaí te, splancacha, lasair gan chosaint agus foinsí eile adhainte. Ná caitear tobac. P220: Coimeád glan ar éadaí agus ar ábhair indóite eile. P370+P378: I gcás dóiteáin: Úsáid uisce le haghaidh múchta.

Caibidil 4. **ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE MEITEA-SPC**

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1

Dífhabhtú dromchlaí gur cúram leighis é, RTU

An cineál táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	/
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: fungais Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Víris Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	Úsáid laistigh Dífhabhtú dromchlaí crua neamhphóiriúla sa chúram leighis.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: spraying Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Cúradh truicir táirge réidh le húsáid (RTU)
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: 40 ml/m^2 RTU Airí uainithe: Forchuir an táirge RTU ar: a) orgánaigh sprice: baictéir, giostaí agus fungais am teagmhála: 5 nóiméad b) orgánaigh sprice: baictéir, giostaí, fungais agus víris am teagmhála: 15 nóim Minicíocht úsáide: suas go dtí 4 uair in aghaidh an lae Teocht úsáide: teocht an tseomra
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	500 ml agus 750 ml cúr truicir (HDPE) Poileitéin Ard-dlúis HDPE

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Spraeáil go cothrom agus bí cinnte go bhfliuchann tú na dromchlaí ina n-iomláine.

Chun baictéir, giostaí agus fungais a cheansú: Fan ar feadh 5 nóiméad go dtí go n-oibríonn.

Chun baictéir, giostaí, fungais agus víris a cheansú: Fan ar feadh 15 nóiméad go dtí go n-oibríonn.

Sruthlaigh dromchlaí tar éis iad a úsáid.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 2

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 2

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 2

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 2

4.2. **Tuairisc úsáide**

Tábla 2

Dífhabhtú dromchlaí nach cúram leighis é agus dífhabhtú achar bia/beathaithe, RTU

An cineál táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe PT04: Limistéar bia agus beatha
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	/
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: fungais Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Víris Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	Úsáid laistigh Dífhabhtú dromchlaí crua neamhphóiriúla in achair nach achair cúraim leighis iad agus gur achair bhia agus/nó beathaithe iad
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: spraying Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Cúradh truicir táirge réidh le húsáid (RTU)

Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: 40 ml/m² RTU Airí uainithe: Forchuir an táirge RTU. Teocht úsáide: teocht an tseomra Am teagmhála: **baictéir, giostaí, fungais:** 5 nóiméad **víris**: 15 nóiméad Minicíocht úsáide: suas le 10 n-uaire sa lá
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	500 ml agus 750 ml cúr truicir Poileitéin Ard-dlúis (HDPE)

4.2.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Spraeáil go cothrom agus bí cinnte go bhfliuchann tú na dromchlaí ina n-iomláine.

Chun baictéir, giostaí agus fungais a cheansú: Fan ar feadh 5 nóiméad go dtí go n-oibríonn.

Chun víris a cheansú: Fan ar feadh 15 nóiméad go dtí go n-oibríonn.

Sruthlaigh dromchlaí tar éis iad a úsáid.

4.2.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 2

4.2.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 2

4.2.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 2

4.2.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 2

Caibidil 5. **TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE MAIDIR LE MEITEA-SPC 2**

5.1. **Treoracha úsáide**

féach na treoracha sonracha le haghaidh gach úsáide

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

Coimeád as aimsiú leanaí.

Ní cheadaítear an athiontráil go dtí go mbíonn tiús an aeir tite faoi bhun 0,9 ppm (1,25 mg/m³) nó an luach ábhartha tagartha náisiúnta is ísle ná sin.

Úsáid braiteoir calabraithe chun a dhearbhú go bhfuil an t-iniamh faoi 0,9 ppm (1,25 mg/m³) nó faoin luach tagartha náisiúnta comhfhreagrach roimh athiontráil.

Ní cheadaítear do dhaoine neamhchosanta bheith i láthair nuair a bhítear ag forchur an táirge. Gan aon chead rochtana ag tríú páirtithe le linn forchurtha/cóireála.

Ná húsáid an táirge chun leithris a ghlanadh nó mar chuid de ghnáthamh glanta leithreas.

Le linn an fhorchurtha agus athiontrála i gcás éigeandála: Caith trealamh cosanta riospráide (TCR) le scagaire aerasóil agus gáis atá i gcomhréir le EN 14387 nó a choibhéis le fachtóir cosanta sannta de 40 ar a laghad (cineál scagaire (litir cóid, dath) le sonrú ag sealbhóir an údaraithe laistigh den fhaisnéis táirge).

Le linn an fhorchurtha: Caith lámhainní cosanta atá rangaithe faoi EN 374 nó a choibhéis agus spéaclaí cosanta atá i gcomhréir le EN ISO 16321 nó a choibhéis.

Tá na tagairtí iomlána do na caighdeáin EN le fáil Rannán 6.

Tá sé seo gan dochar do chur i bhfeidhm Threoir 98/24/CE ón gComhairle agus reachtaíochta eile de chuid an Aontais i réimse na sláinte agus na sábháilteachta ar láthair na hoibre. Féach rannán 6 chun an tagairt iomlán don bhforáil dlí seo a fháil

Nigh do lámha tar éis a láimhsithe.

Déan é a spraeáil amach ón úsáideoir. Chun dromchlaí beaga (2 m^2) a chóireáil, agus iad sin amháin.

Le linn forchurtha de láimh trí chuimilt: Caith trealamh cosanta riospráide (TCR) le scagaire aerasóil agus gáis atá i gcomhréir le EN 14387 nó a choibhéis le fachtóir cosanta sannta de 20 ar a laghad (cineál scagaire (litir cóid, dath) le sonrú ag sealbhóir an údaraithe laistigh den fhaisnéis táirge). Caith lámhainní cosanta atá rangaithe faoi EN 374 nó a choibhéis, spéaclaí cosanta atá i gcomhréir le EN ISO 16321 nó a choibhéis agus culaith atá rangaithe faoi EN 13034 nó a choibhéis. Nigh do lámha tar éis a láimhsithe. Ní mór mapa/scuab agus cos fhada air a úsáid chun an tuaslagán a fhorchur. Ná tum lámha sa tuaslagán. Chun dromchlaí beaga (0,5 m^2) a chóireáil, agus iad sin amháin

Le linn forchurtha de láimh trí mhapáil: Caith trealamh cosanta riospráide (TCR) le scagaire aerasóil agus gáis atá i gcomhréir le EN 14387 nó a choibhéis le fachtóir cosanta sannta de 40 ar a laghad (cineál scagaire (litir cóid, dath) le sonrú ag sealbhóir an údaraithe laistigh den fhaisnéis táirge). Caith lámhainní cosanta atá rangaithe faoi EN 374 nó a choibhéis, spéaclaí cosanta atá i gcomhréir le EN ISO 16321 nó a choibhéis agus culaith atá rangaithe faoi EN 13034 nó a choibhéis. Nigh do lámha tar éis a láimhsithe. Ná húsáid ach i seomraí a bhfuil aeráil de 1,5/h ar a laghad iontu nó a bhfuil fuinneog ar oscailt ann. Ní mór mapa/scuab agus cos fhada air a úsáid chun an tuaslagán a fhorchur. Ná tum lámha sa tuaslagán.

Tá na tagairtí iomlána do na caighdeáin EN le fáil Rannán 6

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 5

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 5

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 5

4.2. **Tuairisc úsáide**

Tábla 2

Dífhabhtú dromchlaí nach cúram leighis é agus dífhabhtú achar bia/beathaithe, tiúchán

An cineál táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe PT04: Limistéar bia agus beatha
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	/

Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: fungais Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Víris Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	Úsáid laistigh Dífhabhtú dromchlaí crua neamhphóiriúla in achair nach achair cúraim leighis iad agus gur achair bhia/beathaithe iad
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: manual application spraying Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: An tiúchán caolaithe a spraeáil le truicear. Forchur de láimh trí chuimilt le ciarsúir. Forchur de láimh trí mhapáil le buicéad mapála agus fáisceán air
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: 40 ml/m^2 Airí uainithe: Ullmhaigh an caolachán de láimh nó bain úsáid as córas dáilte uathoibrithe Forchuir an táirge caolaithe: Am teagmhála: **Baictéir, giostaí agus fungais**; 5 nóiméad **Víris**; 15 nóiméad Ráta caolaithe: Caolú 1 % den táirge bithicídeach (ag comhfhreagairt do 0,5 % H_2O_2) do bhaictéir, giostaí agus víris. Caolú 10 % den táirge bithicídeach (ag comhfhreagairt do 5 % de H_2O_2) i gcomhair fungas. Minicíocht úsáide: suas le 10 n-uaire sa lá
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Coimeádáin 10 lítear, 20 lítear, 50 lítear, 200 lítear agus 1 000 lítear, Poileitéin Ard-dlúis (HDPE)

4.2.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Ullmhaigh an caolúchán riachtanach den táirge de láimh nó bain feidhm as an gcóras dáilte uathoibrithe.

Modh forchurtha:

— Spraeáil: Spraeáil an táirge caolaithe (le truicear) go cothrom agus bí cinnte go bhfliuchann tú na dromchlaí ina n-iomláine.

— Cuimilt: maothaigh an ciarsúr leis an táirge caolaithe i mbuicéad nó spraeáil an táirge caolaithe ar an gciarsúr. Forchuir an táirge caolaithe trí chuimilt go cothrom agus bí cinnte go bhfliuchann tú na dromchlaí ina n-iomláine.

— Mapáil: maothaigh an mapa leis an táirge caolaithe ag baint úsáide as buicéad mapála agus fáisceán air. Forchuir an táirge caolaithe trí mhapáil go cothrom agus bí cinnte go bhfliuchann tú na dromchlaí ina n-iomláine.

Sruthlaigh dromchlaí tar éis iad a úsáid.

Chun baictéir, giostaí agus fungais a cheansú: Fan ar feadh 5 nóiméad go dtí go n-oibríonn.

Chun víris a cheansú: Fan ar feadh 15 nóiméad go dtí go n-oibríonn.

Ráta caolaithe:

Caolú 1 % den táirge bithicídeach (ag comhfhreagairt do 0,5 % H_2O_2) do bhaictéir, giostaí agus víris (1 ml den táirge le 50 % H_2O_2, cuir uisce leis suas go 100 ml) agus caolú 10 % den táirge bithicídeach (ag comhfhreagairt do 5 % H_2O_2) le haghaidh fungas.

4.2.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Ní cheadaítear do dhaoine neamhchosanta bheith i láthair nuair a bhítear ag forchur an táirge. Gan aon chead rochtana ag tríú páirtithe le linn forchurtha/cóireála. Ní cheadaítear an athiontráil go dtí go mbíonn tiús an aeir tite faoi bhun 0,9 ppm (1,25 mg/m^3) nó an luach ábhartha tagartha náisiúnta is ísle ná sin.

Do chaolú in-úsáide 1 %:

Le linn spraeála le truicear: Caith trealamh cosanta riospráide (TCR), scagaire aerosóil agus gáis le fachtóir sannta cosanta de 4 ar a laghad (cineál scagaire (litir cóid, dath) agus na caighdeáin atá lena sainiú ag sealbhóir an údaraithe laistigh den eolas faoin táirge). Caith lámhainní cosanta agus éadaí cosanta (forchóta cineál a 6 ar a laghad) agus spéaclaí cosanta. Chun dromchlaí beaga (2 m^2) a chóireáil, agus iad sin amháin

Le linn forchurtha de láimh trí mhapáil: Caith trealamh cosanta riospráide (TCR), scagaire aerosóil agus gáis le fachtóir sannta cosanta de 10 ar a laghad (cineál scagaire (litir cóid, dath) agus na caighdeáin atá lena sainiú ag sealbhóir an údaraithe laistigh den eolas faoin táirge).Caith lámhainní cosanta (EN374 nó a mhacasamhail), spéaclaí cosanta (EN 166 nó a mhacasamhail) agus forchóta (EN 13034 nó a mhacasamhail). Ní mór mapa/scuab agus cos fhada air a úsáid chun an tuaslagán a fhorchur. Ná tum lámha sa tuaslagán.

Le linn forchurtha de láimh trí chuimilt: Caith trealamh cosanta riospráide (TCR), scagaire aerosóil agus gáis le fachtóir sannta cosanta de 4 ar a laghad (cineál scagaire (litir cóid, dath) agus na caighdeáin atá lena sainiú ag sealbhóir an údaraithe laistigh den eolas faoin táirge) Caith lámhainní cosanta (EN374 nó a mhacasamhail), spéaclaí cosanta (EN 166 nó a mhacasamhail) agus forchóta (EN 13034 nó a mhacasamhail). Ní mór mapa/scuab agus cos fhada air a úsáid chun an tuaslagán a fhorchur. Ná tum lámha sa tuaslagán. Chun dromchlaí beaga (2 m^2) a chóireáil, agus iad sin amháin

Nigh do lámha tar éis a láimhsithe.

Do chaolú in-úsáide 10 %

Le linn spraeála le truicear: Caith trealamh cosanta riospráide (TCR), scagaire aerosóil agus gáis le fachtóir sannta cosanta de 20 ar a laghad (cineál scagaire (litir cóid, dath) agus na caighdeáin atá lena sainiú ag sealbhóir an údaraithe laistigh den eolas faoin táirge). Caith lámhainní cosanta (EN374 nó a mhacasamhail), éadaí cosanta (culaith de chineál 6 ar a laghad) agus spéaclaí cosanta (EN 166 nó a mhacasamhail).Chun dromchlaí beaga (2 m^2) a chóireáil, agus iad sin amháin

Le linn forchurtha de láimh trí mhapáil: Caith trealamh cosanta riospráide (TCR), scagaire aerosóil agus gáis le fachtóir sannta cosanta de 40 ar a laghad (cineál scagaire (litir cóid, dath) agus na caighdeáin atá lena sainiú ag sealbhóir an údaraithe laistigh den eolas faoin táirge)Caith lámhainní cosanta (EN374 nó a mhacasamhail), spéaclaí cosanta (EN 166 nó a mhacasamhail) agus forchóta (EN 13034 nó a mhacasamhail). Ní mór mapa/scuab agus cos fhada air a úsáid chun an tuaslagán a fhorchur. Ná tum lámha sa tuaslagán. Bíodh íosráta aerála de 1,5/uair ann nó bíodh fuinneog ar oscailt.

Le linn forchurtha de láimh trí chuimilt: Caith trealamh cosanta riospráide (TCR), scagaire aerosóil agus gáis le fachtóir sannta cosanta de 40 ar a laghad (cineál scagaire (litir cóid, dath) agus na caighdeáin atá lena sainiú ag sealbhóir an údaraithe laistigh den eolas faoin táirge). Caith lámhainní cosanta (EN374 nó a mhacasamhail), spéaclaí cosanta (EN 166 nó a mhacasamhail) agus forchóta (EN 13034 nó a mhacasamhail). Ní mór mapa/scuab agus cos fhada air a úsáid chun an tuaslagán a fhorchur. Ná tum lámha sa tuaslagán. Chun dromchlaí beaga (2 m^2) a chóireáil, agus iad sin amháin

Nigh do lámha tar éis a láimhsithe.

Tá na tagairtí iomlána do na caighdeáin EN le fáil Rannán 6.

4.2.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 5

4.2.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 5

4.2.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 5

4.3. **Tuairisc úsáide**

Tábla 3

Dífhabhtú dromchlaí inmheánacha (CIP agus córais uisce ólacháin san áireamh), tiúchán

An cineál táirge	PT04: Limistéar bia agus beatha
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	/
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: fungais Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Víris Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Legionella Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	Úsáid laistigh Dífhabhtú dromchlaí inmheánacha (dromchlaí crua neamhphóiriúla) sa tionscal bia (glanadh ar an suíomh san áireamh) agus dromchlaí inmheánacha i gcórais tréidliachta agus uisce ólacháin do dhaoine
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: closed system Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: An córas a líonadh le tiúchán caolaithe.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Caolú 1 % den táirge bithicídeach (ag comhfhreagairt do 0,5 % H2O2) Airí uainithe: Ullmhaigh an caolachán de láimh nó bain úsáid as córas dáilte uathoibrithe Teocht úsáide: teocht an tseomra **baictéir agus giostaí;** Caolú 1 % den táirge (ag comhfhreagairt do 0,5 % de H_2O_2), aga teagmhála 5 nóiméad. **fungais;** Caolú 10 % den táirge (ag comhfhreagairt do 5 % de H_2O_2), aga teagmhála 5 nóiméad. **víris;** Caolú 1 % den táirge (ag comhfhreagairt do 0,5 % de H_2O_2), aga teagmhála 15 nóiméad. **Legionella, i gcórais uisce ólacháin;** Caolú 1 % den táirge (ag comhfhreagairt do 0,5 % de H_2O_2), aga teagmhála 30 nóiméad. Minicíocht úsáide: suas le 10 n-uaire sa lá
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Coimeádáin 10 lítear, 20 lítear, 50 lítear, 200 lítear agus 1 000 lítear, Poileitéin Ard-dlúis (HDPE)

4.3.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Ní féidir dífhabhtú córas uisce ólacháin a chur i bhfeidhm ach le linn tréimhsí as seirbhís.

Ní féidir úsáid a bheith á baint as córais le linn an dífhabhtaithe.

Caolaigh an táirge sa suiteáil nó sa chóras go dtí go mbeidh caolú de 1 % bainte amach.

Ullmhaigh an caolachán de láimh nó bain úsáid as córas dáilte uathoibrithe.

Ráta caolaithe le haghaidh baictéar, giostaí, víreas agus Legionella: Caolú 1 % den táirge bithicídeach (ag comhfhreagairt do 0,5 % H_2O_2) (1 ml den táirge le 50 % H_2O_2, cuir suas le 100 ml leis agus uisce).

Ráta caolaithe le haghaidh fungas: Caolú 10 % den táirge bithicídeach (ag comhfhreagairt do 5 % H_2O_2)

Chun baictéir, giostaí agus fungais a cheansú: Fan ar feadh 5 nóiméad go dtí go n-oibríonn.

Chun víris a cheansú: Fan ar feadh 15 nóiméad go dtí go n-oibríonn.

Chun Legionella a cheansú, i gcórais uisce ólacháin: Fan ar feadh 30 nóiméad go dtí go n-oibríonn.

Sruthlaigh an córas go fuinniúil tar éis duit ligean don táirge dul i bhfeidhm, d'fhonn salachar scaoilte a bhaint. Bain úsáid as banda tomhais chun an méid sárocsaíde hidrigine san uisce sruthlaithe a thomhas. Sruthlaigh an córas píobála le huisce buacaire íon go dtí nach dtomhaisfear aon sárocsaíd hidrigine eile san uisce sruthlaithe.

4.3.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 5

4.3.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 5

4.3.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 5

4.3.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 5

4.4. **Tuairisc úsáide**

Tábla 4

Dífhabhtú seomra trí cheo-chóireáil, tiúchán

An cineál táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	/
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Baictéir eitinne Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: fungais Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil

Réimse (nó réimsí) úsáide	Úsáid laistigh Dífhabhtú dromchlaí crua neamhphóiriúla sa chúram leighis.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: fogging Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: An tiúchán caolaithe a cheo-chóireáil
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: 5 ml/m^3 (ag comhfhreagairt do 2,5 ml H_2O_2/m^3) Caolú de 20 % v/v den táirge (ag comhfhreagairt do 10 % H_2O_2) sa bhfeiste ceo-chóireála Airí uainithe: Glan na dromchlaí sula ndéantar an chóireáil dífhabhtaithe. Ullmhaigh an caolachán de láimh nó bain úsáid as córas dáilte uathoibrithe Caolú de 20 % v/v den táirge (ag comhfhreagairt do 10 % H_2O_2) agus cuir an táirge caolaithe leis an bhfeiste ceo-chóireála Medibios basic; 5 ml/m^3(ag comhfhreagairt do 2,5 ml H_2O_2/m^3) Méid an tseomra 30-150m^3. Bogthaise choibhneasta: 40 – 80 % Méid an cháithnín: faoi bhun 1 – 5 µm Tá an t-aga ceo-chóireála rialaithe, tiocfaidh stop leis an bhfeiste go huathoibrithe. Aga teagmhála de 2 uair (faoi na tosca tuairiscithe) Teocht úsáide: teocht an tseomra Minicíocht úsáide: suas go dtí 4 uair in aghaidh an lae
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Coimeádáin 10 lítear, 20 lítear, 50 lítear, 200 lítear agus 1 000 lítear, Poileitéin Ard-dlúis (HDPE)

4.4.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Glan agus triomaigh na dromchlaí sula ndéantar an dífhabhtú.

Má bhíonn tú i láthair, cuir an córas aerchóirithe as. Dún na fuinneoga ar fad. Dún na doirse agus áit is gá, séalaigh scoilteanna sna doirse le téip ghreamaitheach. Déan cinnte de go mbíonn comhartha lasmuigh den tseomra ag tabhairt rabhaidh gan dul isteach sa seomra.

Úsáidtear an táirge in éineacht leis an bhfeiste ceo-chóireála Medibios Basic.

Ráta caolaithe: Caolú 20 % den táirge bithicídeach (ag comhfhreagairt do 10 % H_2O_2) (20 ml den táirge le 50 % H_2O_2, cuir suas le 100 ml leis agus uisce)

Ullmhaigh an caolachán de láimh nó le córas dáilte uathoibrithe. Cuir an caolachán de 20 % leis an bhfeiste ceo-chóireála ag baint úsáide duit as an mbuidéal dáilte.

Fíoraigh nach bhfuil aon daoine ná ainmhithe i láthair sa seomra.

Cuir tús leis an bhfeiste ceo-chóireála Medibios basic tar éis duit an dáileadh in aghaidh an mhéadair chiúbaigh a shocrú. Le tús moillithe de 15 soicind bíonn ar cumas an úsáideora an seomra a fhágáil sula dtosaíonn an ceo-chóireáil.

Éireoidh an feisteas as bheith ag ceo-chóireáil go huathoibríoch. Fág aga teagmhála de 2 uair tar éis don táirge bithicídeach bheith idirleata go hiomlán isteach sa seomra.

Tar éis na ceo-chóireála agus an aga teagmhála, ní mór an seomra a aeráil, le haeráil meicniúil mar chéadrogha. Caithfear fad na tréimhse aeraithe a dhéanamh amach trína thomhas le trealamh tomhais oiriúnach. Is ceart an comhartha rabhaidh a bhaint tar éis na tréimhse feithimh seo sa chaoi go mbeidh a fhios ag an bpobal gur féidir dul isteach sa seomra arís. Ní cheadaítear an athiontráil go dtí go mbíonn tiús an aeir tite faoi bhun 0,9 ppm (1,25 mg/m^3) nó an luach tagartha náisiúnta coibhéiseach, más infheidhme (feic an rannán ‘eolas eile’ chun sonraí a fháil).

Níl cead ag an úsáideoir gairmiúil an seomra a athiontráil ach i dtosca éigeandála nó chun an aeráil a athghníomhachtú nuair a bhíonn an leibhéal sárocsaíde hidrigine tite faoi bhun 36 ppm (50 mg/ m^3), ag áireamh TCR le APF 40 in aghaidh an ghail (masc iomlán; cineál TCR, forchóta agus lámhainní lena sainiú ag sealbhóir an údaraithe laistigh den eolas faoin táirge).

Úsáid braiteoir calabraithe chun a dhearbhú go bhfuil an t-iniamh faoi 0,9 ppm (1,25 mg/m³) nó faoin luach tagartha náisiúnta comhfhreagrach roimh athiontráil.

Le linn tosca éigeandála, ní cheadaítear don úsáideoir gairmiúil iontráil le linn na cóireála ach nuair a bheidh trealamh oiriúnach cosanta pearsanta agus gaireas neamhspleách análaithe á gcaitheamh aige. Feic sa rannán thíos.

Cuirfidh an t-úsáideoir bailíochtú micribhitheolaíochta agus ceimiceach den dífhabhtú i gcrích i gcónaí sna seomraí atá lena ndífhabhtú (nó i 'seomra caighdeánach' oiriúnach, más infheidhme) leis na feistí a bheidh lena n-úsáid, agus is féidir prótacal maidir le dífhabhtú na seomraí seo a dhéanamh agus é a úsáid ina dhiaidh sin.

4.4.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Déan cinnte de go mbíonn comhartha lasmuigh den tseomra ag tabhairt rabhaidh gan dul isteach sa seomra.

Fág an seomra laistigh de 15 soicind tar éis tús a chur leis an gcóireáil agus déan cinnte de nach mbíonn aon daoine ná ainmhithe sa seomra.

2,5 uair tar éis don cheo-chóireáil teacht chun críche, tá sé sábháilte an seomra a iontráil arís agus an córas aeráilte a chur air. Is ceart an comhartha rabhaidh a bhaint tar éis na tréimhse feithimh seo sa chaoi go mbeidh a fhios ag an bpobal gur féidir dul isteach sa seomra arís.

I gcomhair athiontrála i gcás éigeandála: Caith trealamh cosanta riospráide (TCR) le scagaire aerasóil agus gáis atá i gcomhréir le EN 14387 nó a choibhéis le fachtóir cosanta sannta de 40 ar a laghad (cineál scagaire (litir cóid, dath) le sonrú ag sealbhóir an údaraithe laistigh den fhaisnéis táirge).

Ní cheadaítear an athiontráil go dtí go mbíonn tiús an aeir tite faoi bhun 0,9 ppm (1,25 mg/m³) nó an luach ábhartha tagartha náisiúnta is ísle ná sin. Úsáid braiteoir calabraithe chun a dhearbhú go bhfuil an t-iniamh faoi 0,9 ppm (1,25 mg/m³) nó faoi luach tagartha náisiúnta ábhartha níos ísle roimh athiontráil.

Tá na tagairtí iomlána do na caighdeáin EN le fáil Rannán 6.

4.4.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 5

4.4.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 5

4.4.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 5

4.5. **Tuairisc úsáide**

Tábla 5

Trealamh/ionstraimí don dífhabhtú, tiúchán

An cineál táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe PT04: Limistéar bia agus beatha
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	/

Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: fungais Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Víris Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	Úsáid laistigh Dífhabhtú an trealaimh sa chúram leighis, lasmuigh den chúram leighis agus sa tionscal bia.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: open system: immersion Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Tumadh agus líonadh
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: Cúram leighis: 5 % H_2O_2; ní cúram leighis é: 0,5 % H_2O_2 Baictéir agus giostaí in achair bhia agus/nó bheathaithe; Caolú 1 % den táirge bithicídeach (ag comhfhreagairt do 0,5 % H_2O_2) fungais; Caolú 10 % den táirge bithicídeach (ag comhfhreagairt do 5 % H_2O_2) Baictéir, giostaí, fungais agus víris sa chúram leighis; caolú de 10 % den táirge (ag comhfhreagairt do 5 % H_2O_2) Airí uainithe: Ullmhaigh an caolachán de láimh nó bain úsáid as córas dáilte uathoibrithe Teocht úsáide: teocht an tseomra Achair bhia agus/nó beathaithe **baictéir agus giostaí;** Caolú 1 % den táirge (ag comhfhreagairt do 0,5 % de H_2O_2), aga teagmhála 5 nóiméad. **fungais;** Caolú 10 % den táirge (ag comhfhreagairt do 5 % de H_2O_2), aga teagmhála 5 nóiméad. Cúram leighis **baictéir, giostaí, fungais agus víris;** Caolú 10 % den táirge (ag comhfhreagairt do 5 % de H_2O_2), aga teagmhála 15 nóiméad Minicíocht úsáide: suas le 30 uair sa lá, uasmhéid 10 l in aghaidh an fholcadáin
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Coimeádáin 10 lítear, 20 lítear, 50 lítear, 200 lítear agus 1 000 lítear, Poileitéin Ard-dlúis (HDPE)

4.5.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Ullmhaigh an caolachán de láimh nó bain úsáid as córas dáilte uathoibrithe.

Tum an trealamh nó an t-innealra atá lena gcóireáil sa chaolachán. Lig dó dul i bhfeidhm ar feadh:

Achair bhia agus/nó beathaithe: 5 nóiméad (baictéir, giostaí agus fungais).

Ráta caolaithe le haghaidh baictéar agus giostaí: Caolú 1 % den táirge bithicídeach (ag comhfhreagairt do 0,5 % H_2O_2) (1 ml den táirge le 50 % H_2O_2, cuir suas le 100 ml leis agus uisce)

Ráta caolaithe le haghaidh fungas: Caolú 10 % den táirge bithicídeach (ag comhfhreagairt do 5 % H_2O_2) (10 ml den táirge le 50 % H_2O_2, cuir suas le 100 ml leis agus uisce)

Cúram leighis: 15 nóiméad (baictéir, giostaí, fungais agus víris).

Ráta caolaithe: Caolú 10 % den táirge bithicídeach (ag comhfhreagairt do 5 % H_2O_2) (10 ml den táirge le 50 % H_2O_2, cuir suas le 100 ml leis agus uisce)

Ní féidir úsáid a bhaint as caolú an táirge ach uair amháin.

Más rud é go bhfuil an seans ann go rachaidh trealamh nó innealra i dteagmháil le bia-ábhar tar éis an dífhabhtaithe, sruthlaigh le huisce íon é tar éis na cóireála.

4.5.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

— Le linn a fhorchurtha in achair bhia/beathaithe: Caith lámhainní cosanta (EN 374 nó a choibhéis), caith spéaclaí cosanta (EN ISO 16321 nó a choibhéis). Nigh do lámha tar éis a láimhsithe.

— Le linn a fhorchurtha in achair chúraim leighis: Caith trealamh cosanta riospráide (TCR) le scagaire aerasóil agus gáis atá i gcomhréir le EN 14387 nó a choibhéis le fachtóir cosanta sannta de 10 ar a laghad (cineál scagaire (litir cóid, dath) le sonrú ag sealbhóir an údaraithe laistigh den fhaisnéis táirge). Caith lámhainní cosanta (EN 374 nó a choibhéis), spéaclaí cosanta (EN ISO 16321 nó a choibhéis) agus culaith atá rangaithe faoi EN 13034 nó a choibhéis.

Tá na tagairtí iomlána do na caighdeáin EN le fáil Rannán 6

— Bain úsáid as ciseán nó feiste cuí eile i gcomhair thumadh agus aisghabháil an trealaimh sa bhfolcadán chun nochtadh a sheachaint.

— Ná tum do lámha sa bhfolcadán

— Nigh do lámha tar éis a láimhsithe.

— Ní féidir úsáid a bhaint as an bhfolcadán ach uair amháin agus is ceart é a fholmhú láithreach tar éis úsáide.

4.5.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 5

4.5.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 5

4.5.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 5

Caibidil 5. **TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE MAIDIR LE MEITEA-SPC 5**

5.1. **Treoracha úsáide**

féach na treoracha sonracha le haghaidh gach úsáide

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

Coimeád as aimsiú leanaí.

— Meascadh agus lódáil de láimh: Caith trealamh cosanta riospráide (TCR) le scagaire aerasóil agus gáis atá i gcomhréir le EN 14387 nó a choibhéis le fachtóir cosanta sannta de 4 ar a laghad (cineál scagaire (litir cóid, dath) le sonrú ag sealbhóir an údaraithe laistigh den fhaisnéis táirge. Caith éadaí cosanta atá i gcomhréir le EN 13034 nó a choibhéis, lámhainní atá rangaithe faoi EN 374 nó a choibhéis agus spéaclaí cosanta atá i gcomhréir le EN ISO16321 nó a choibhéis. Nigh do lámha tar éis a láimhsithe.

— Meascadh agus lódáil uathoibrithe: Caith éadaí cosanta atá i gcomhréir le EN 13034 nó a choibhéis, lámhainní atá rangaithe faoi EN 374 nó a choibhéis agus spéaclaí cosanta atá i gcomhréir le EN ISO16321 nó a choibhéis.

Tá na tagairtí iomlána do na caighdeáin EN le fáil Rannán 6.

Tá sé seo gan dochar do chur i bhfeidhm Threoir 98/24/CE ón gComhairle agus reachtaíochta eile de chuid an Aontais i réimse na sláinte agus na sábháilteachta ar láthair na hoibre. Féach rannán 6 chun an tagairt iomlán don bhforáil dlí seo a fháil.

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

Bearta garchabhrach:

MÁ IONANÁLAÍTEAR: Tabhair amach faoin aer agus coimeád socair i suíomh atá compordach d'análú.

Má tá comhartha sóirt ann: Cuir glaoch ar 112 nó ar otharcharr chun cúnamh leighis a fháil. Mura bhfuil comharthaí sóirt ann: Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir. Faisnéis do phearsanra Sláinte/dochtúir: Cuir tús le bearta tacaíochta beatha más gá, agus ina dhiaidh sin cuir glao ar IONAD NIMHE.

MÁ SHLOGTAR: Sruthlaigh béal láithreach. Tabhair rud éigin le hól, má tá an duine arna nochtadh in ann slogadh. NÁ spreagtar urlacan. Cuir glaoch ar 112 nó ar otharcharr chun cúnamh leighis a fháil. Faisnéis do phearsanra Sláinte/dochtúir: Cuir tús le bearta tacaíochta beatha más gá, agus ina dhiaidh sin cuir glao ar IONAD NIMHE.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN gCRAICEANN: Nigh craiceann láithreach le neart uisce. Ina dhiaidh sin, bain díot aon éadaí éillithe agus nigh iad sula n-úsáidfidh tú iad arís. Lean ort ag nigh an chraicinn le huisce ar feadh 15 nóiméad. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: Sruthlaigh láithreach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta é sin a dhéanamh. Lean ag sruthlú ar feadh 15 nóiméad ar a laghad. Cuir glaoch ar 112 nó ar otharcharr chun cúnamh leighis a fháil.

Réamhchúraimí timpeallachta: Cuir cosc le truailliú ithreach agus uisce. Cuir cosc le leathadh i séaraigh.

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

Diúscair an t-ábhar seo agus an coimeádán atá ag gabháil leis ag pointe bailithe dramhaíola guaisí nó speisialta. Ná diúscair in éineacht le dramhaíl tí. Ná lig don táirge rith chomh fada le córas camrais. Ba cheart diúscairt de réir Rialúcháin an Údaráis Áitiúil.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Stóráil in áit thirim, dorcha, dea-aeráilte. Cosnaítear ón tsioc é. Stóráil i dteocht faoi bhun 30 °C. Cosain ó sholas díreach na gréine. Coimeád an coimeádán dúnta go docht. Ná coinnítear é ach sa phacáistiú bunaidh. 24 mí an tseilfré.

Caibidil 6. **FAISNÉIS EILE**

Ciallaíonn gairmithe (lena n-áirítear úsáideoirí tionsclaíoch) gairmithe oilte má theastaíonn sin de réir reachtaíochta náisiúnta.

Is iad seo a leanas teidil iomlána na gcaighdeán EN dá dtagraítear i rannáin 4.1.2, 4.2.2, 4.4.2, 4.5.2 agus 5.2 'Bearta maolaithe riosca':

EN 374 – Lámhainní cosanta in aghaidh ceimiceán agus miocrorgánach contúirteach:

EN ISO 16321 – Cosaint súl agus aghaidhe le haghaidh úsáid ceirde

EN 13034 – Éadaí cosanta in aghaidh ceimiceán leachtach - Ceanglais feidhmíochta maidir le héadaí cosanta ar cheimiceáin lena dtugtar feidhmíocht chosanta theoranta ar cheimiceáin leachtacha (Trealamh de Chineál 6 agus de Chineál PB [6]).

EN 14387 – Gléasanna cosanta riospráide

Treoir 98/24/CE ón gComhairle an 7 Aibreán 1998 maidir le sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chosaint ó phriacail a bhaineann le hoibreáin cheimiceacha ar an láthair oibre (an ceathrú Treoir déag aonair de réir bhrí Airteagal 16(1) Threoir 89/391/CEE) (IO L 131, 5.5.1998, lch. 11).

Caibidil 7. **AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I MEITEA-SPC 5**

7.1. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha			HP-BPF-10	Réimse margaidh: AE	
Uimhir an údaraithe			EU-0031657-0010 1-5		
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Sárocsaíd hidrigine		Active substance	7722-84-1	231-765-0	49,5 % (w/w)